THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais



# Treoir an Cúirte Oibreachais d'Úsáideoirí

Tá an bhileog seo á cur ar fáil mar threoir faisnéise amháin agus ba cheart í a léamh i gcomhar le Rialacha na Cúirte Oibreachais 2020, atá ar fáil ar www.labourcourt.ie

# AN CHÚIRT OIBREACHAIS

Comhlacht neamhspleách um réiteach díospóidí san áit oibre is ea an Chúirt Oibreachais a sholáthraíonn seirbhís chuimsitheach le haghaidh réiteach díospóidí i ndáil le caidreamh tionsclaíoch agus cearta fostaíochta. Tá an Chúirt Oibreachais maoinithe go poiblí agus, go ginearálta, soláthraíonn sí a cuid seirbhísí saor in aisce don phobal[1].

Déileálann an Chúirt Oibreachais le dhá chineál cáis ar leith. I ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch oibríonn sí mar bhinse a éisteann leis an dá thaobh de dhíospóid agus eisíonn sí moladh i scríbhinn ina leagtar amach a tuairim maidir le fiúntas na díospóide lena leagtar amach an dóigh ba cheart an díospóid faoi leith sin a réiteach. Bítear ag súil go mbreithneodh na páirtithe sa díospóid moladh na Cúirte i ndáiríre.

Maidir le cásanna um chearta fostaíochta, éisteann an Chúirt achomhairc maidir le cinntí Oifigeach Breithnithe faoi reachtanna éagsúla an dlí um fhostaíocht i gcás go ndéanann oibrí aonair gearán ina líomhnaítear gur sháraigh a bhfostóir a gcearta reachtúla fostaíochta. Baineann na cásanna sin le teidlíochtaí reachtúla na n-oibrithe, dá réir sin, eisíonn an Chúirt Oibreachais cinntí i scríbhinn atá ina gceangal dlíthiúil agus in-fhorfheidhmithe ar na páirtithe. Féadfar cinntí a atreorú chuig an Ard-Chúirt, trí bhíthin achomhairc ar phointí dlí nó trí bhíthin athbhreithniú breithiúnach ar imeachtaí na Cúirte.

Tá an chumhacht ag an gCúirt rialacha a dhéanamh maidir le rialacháin a himeachtaí. Tá Cóip de Rialacha reatha na Cúirte ar fáil ag www.labourcourt.ie

1. Más mian leat achomharc a dhéanamh ach gur theip ort bheith i láthair ag an gcéad éisteacht ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre beidh ort táille €300 a íoc nuair a lóisteálfaidh tú d'achomharc.

# An Dóigh a nOibríonn an Chúirt Oibreachais

Feidhmíonn an Chúirt Oibreachais trí bhíthin éisteachtaí ó bhéal roimh rannán de chuid na Cúirte atá comhdhéanta de thriúr daoine. I ngach rannán le haghaidh éisteachta tá Cathaoirleach/Leas-Chathaoirleach agus ionadaí fostóirí agus fostaithe, a ghlacann páirt ar bhonn comhionann.

Tionóltar éisteachtaí i ndáil le cásanna caidrimh thionsclaíoch go príobháideach, agus tionóltar éisteachtaí i ndáil le cásanna ceart fostaíochta, atá faoi réir eisceachtaí áirithe, go poiblí[2].

Is é príomhról na Cúirte Oibreachais i ndíospóidí caidrimh thionsclaíoch moltaí a dhéanamh le haghaidh réiteach díospóidí nuair nár éiríodh le hiarrachtaí eile an díospóid a réiteach, i.e. ba cheart d’oibrithe agus d’fhostóirí, agus i formhór na gcásanna ceanglaítear orthu, leas éifeachtúil a bhaint ar an gcéad dul síos as modhanna díreacha réitigh agus innealra eile an Stáit e.g. Seirbhís Comhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó Seirbhís Idirghabhála/Breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. I gcás go ndearnadh gach iarracht chun an díospóid a réiteach ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus go bhfuil an díospóid fós gan réiteach, féadfar an cúrsa a atreorú i gcomhar chuig an gCúirt Oibreachais.

Sna cásanna um chearta fostaíochta, ní mór don oibrí a chás nó a cás a atreorú chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre lena athbhreithniú. I gcás go mbeadh ceachtar páirtí míshásta le cinneadh an Oifigigh Bhreithnithe, féadfar an cinneadh sin a achomharc chun na Cúirte Oibreachais.  Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go n-éistear cás ar achomharc chun na Cúirte Oibreachais as a nua (de novo) amhail is nár tharla céim na chéadchéime. Ní féidir éilimh úra ar bith a thabhairt isteach ag céim an achomhairc.

Tá cúig chéim i gcásanna a chuirtear roimh an gCúirt Oibreachais agus beidh an seicheamh éagsúil ag brath ar cé acy an mbaineann an t-achomharc le hatreorú/achomharc um chaidreamh tionsclaíoch nó le hachomharc um chearta fostaíochta.

1. Atreorú díospóide/achomhairc
2. Socrú le haghaidh éisteacht na Cúirte Oibreachais
3. Lóisteálann na páirtithe aighneachtaí i scríbhinn
4. Éisteachta os comhair na Cúirte
5. Eisíonn an Chúirt a Moladh/Cinneadh

2. Féadfaidh páirtí in achomharc um chearta fostaíochta iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais chun an éisteacht, nó cuid den éisteacht, a stiúradh go príobháideach mar gheall ar chúinsí speisialta.

# Céim a hAon: Atreoruithe agus Achomhairc

## (a) Atreorú Cásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch chun na Cúirte

### *Atreorú ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i ndiaidh comhréitigh*

I gcás nár réitíodh díospóid caidrimh thionsclaíoch (comhdhíospóid de ghnáth) - i ndáil le rátaí pá agus/nó coinníollacha fostaíochta agus a bhaineann le hoibrithe/ceardchumainn agus a bhfostóirí de ghnáth - ag baint úsáid as seirbhísí comhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, féadfaidh an dá pháirtí a iarraidh ar an gCúirt an díospóid a imscrúdú. Cuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an t-iarratas sin in iúl don Chúirt.

### *Achomharc ar Mholadh a rinne Oifigeach Breithnithe*

I gcás gur éist Oifigeach Breithnithe le cás faoin Acht Caidrimh Thionscail a bhain le hoibrí aonair agus gur eisíodh Moladh, féadfaidh ceachtar páirtí sa díospóid an Moladh a achomharc chun na Cúirte Oibreachais; ní mór achomhairc den sórt sin a dhéanamh leis an gCúirt Oibreachais laistigh de **shé seachtaine** ó dháta Mholadh an Oifigigh Bhreithnithe.

Chun nach mbeidh amhras ar bith ann, áirítear dáta Mholadh an Oifigigh Bhreithnithe mar lá 1 de na sé seachtaine. Ní mór atreoruithe dá leithéid a dhéanamh ag baint úsáid as Foirm Achomhairc S13(9) um Chaidreamh Tionsclaíoch na Cúirte Oibreachais atá ar fáil ag www.labourcourt.ie.

Féadfar achomhairc a chuirtear sa phost a thabhairt don Chúirt i ngnáthchúrsa gnó na Cúirte agus déanfar an lá a gheofar é a thaifeadadh ag baint úsáid as stampa dáta a chuirtear air de láimh le linn an ghnáthchúrsa gnó an lá a gheofar an t-achomharc. Is féidir achomhairc a chuirtear le ríomhphost chuig **appeals@labourcourt.ie** a dhéanamh go dtí 12 meán oíche ar an lá deireanach den tréimhse 6 seachtaine agus is é dáta na fála an dáta agus an t-am a thaifeadfar go huathoibríoch ar an gcóras ríomhphoist.

Níl cumhacht ar bith ag an gCúirt chun síneadh a chur leis an am chun achomharc ar Mholadh Oifigigh Bhreithnithe a rinneadh faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1969.

### *Atreorú Díreach a dhéanann Oibrí (Oibrithe)*

Féadfar oibrí nó oibrithe i ndíospóid trádála, nó ceardchumann a thar a

cheann/ceann nó a gceann, cás a atreorú go díreach chun na Cúirte Oibreachais faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an t-oibrí (oibrithe) roimh ré go nglacfaidh sé/sí/siad le Moladh na Cúirte Oibreachais. D'fhéadfadh sé sin tarlú, mar shampla, i gcás gur atreoraigh an t-oibrí/ceardchumann an díospóid ar dtús chun Sheirbhís Comhréitigh an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ach nár aontaigh an fostóir go n-éistfeadh Oifigeach Breithnithe an cás. I gcás mar sin cuirfidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in iúl don oibrí/ceardchumann nár aontaigh an fostóir freastal ar éisteacht Oifigigh Bhreithnithe agus go bhféadfaí atreorú díreach a dhéanamh chun na Cúirte Oibreachais faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969. Féadfar atreoruithe dá leithéid a dhéanamh ag baint úsáid as Foirm ábhartha Alt 20(1) atá ar fáil ag www.labourcourt.ie

### *Comh-atreorú Díreach a dhéanann Oibrí (Oibrithe) agus Fostóir*

Féadfar oibrí nó oibrithe agus a bhfostóirí atá i mbun díospóid trádála an díospóid a atreorú go díreach chun na Cúirte Oibreachais faoi Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail, 1969, ar an gcoinníoll go n-aontaíonn an dá pháirtí roimh ré go nglacfaidh siad le Moladh na Cúirte Oibreachais.

## (b) Atreorú Achomharc maidir le Cinneadh Oifigigh Bhreithnithe chun na Cúirte i gCásanna um Chearta Fostaíochta

Éisteann an Chúirt achomhairc faoi na reachtanna éagsúla an dlí um fhostaíocht i gcás go ndéanann oibrí aonair gearán gur sháraigh a bhfostóir a gcearta reachtúla fostaíochta. Féadfaidh ceachtar páirtí nó an dá pháirtí achomharc maidir le Cinneadh Oifigigh Bhreithnithe i gcásanna um chearta fostaíochta a atreorú chun na Cúirte Oibreachais **42 lá** ó dháta Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe ag baint úsáid as Foirm Achomhairc um Chearta Fostaíochta na Cúirte Oibreachais atá ar fáil ag www.labourcourt.ie

Tosaíonn an teorainn ama **42 lá** ó dháta Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe agus an dáta sin san áireamh. Chun nach mbeidh amhras ar bith ann, áirítear dáta Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe mar lá 1 den 42 lá.

Féadfar achomhairc a chuirtear sa phost a thabhairt don Chúirt i ngnáthchúrsa gnó na Cúirte agus déanfar an lá a gheofar é a thaifeadadh ag baint úsáid as stampa dáta a chuirtear air de láimh le linn an ghnáthchúrsa gnó an lá a gheofar an t-achomharc. Is féidir achomhairc a chuirtear le ríomhphost ag

**appeals@labourcourt.ie** a dhéanamh go dtí 12 meán oíche ar an 42ú lá agus is é dáta na fála an dáta agus an t-am a thaifeadfar go huathoibríoch ar an gcóras ríomhphoist.

I gcás nach bhfaightear achomharc laistigh den tréimhse 42 lá, féadfaidh an t-achomharcóir iarratas a dhéanamh chun síneadh a chur leis an am chun achomharc a dhéanamh i gcomhréir le hAlt 44(4) den Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015. Ní mór tacú leis an iarratas sin le hargóint ábhartha ar bith mar chuid den aighneacht i scríbhinn a chaithfear a dhéanamh chun na Cúirte mar chuid den achomharc substainteach [féach thíos]. Ní iarratas neamhspleách é iarratas a dhéantar ar shíneadh ama agus ní mór é a dhéanamh mar chuid den achomharc. Féadfaidh an Chúirt an teorainn ama a shíneadh ach i gcúinsí eisceachtúla amháin.

Ní hé is cuspóir le hachomharc athbhreithniú a dhéanamh ar Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe ach seachas sin an cás a éisteacht as a nua.

NÓTA: Más mian le páirtí ar bith in achomharc go bhfreagródh an Chúirt Oibreachais iad trí mhodh leictreonach, ní mór dóibh fógra a thabhairt i scríbhinn maidir lena dtoiliú comhfhreagras a fháil ar an mbealach sin.

# Céim a Dó: Socruithe le haghaidh éisteacht na Cúirte Oibreacha

- I ndíospóid caidrimh thionsclaíoch, i gcás gur thángthas ar chomhaontú sa chomhréiteach comhiarratas a dhéanamh go ndéanfaidh an Chúirt imscrúdú ar an díospóid, atreoróidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, má bhíonn sé sásta é sin a dhéanamh, an cheist chun na Cúirte. Déanfaidh Rannóg Ríomhchláraithe na Cúirte teagmháil ansin leis an dá pháirtí agus tabharfaidh sí sonraí faoin am a chaithfidh an Chúirt na haighneachtaí i scríbhinn a fháil agus tabharfaidh sí am, dáta agus ionad don éisteacht.
- I gcás go bhfaighidh an Chúirt achomharc ar Mholadh Oifigigh Bhreithnithe faoin reachtaíocht um Chaidreamh Tionsclaíoch/Cinneadh Oifigigh Bhreithnithe reachtaíocht um Chaidreamh Tionsclaíoch nó atreorú díreach faoi Alt 20(1) nó Alt 20(2) den Acht Caidrimh Thionscail 1969, déanfaidh Rannóg Ríomhchláraithe, mar an gcéanna, teagmháil ansin leis na páirtithe agus tabharfaidh sí sonraí faoin am a chaithfidh an Chúirt na haighneachtaí i scríbhinn a fháil agus tabharfaidh sí am, dáta agus ionad

don éisteacht. Is féidir Foirmeacha Achomharc a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www labourcourt.ie agus ní mór iad a chur ar ais le cóip de Mholadh/Chinneadh an Oifigigh Bhreithnithe.

- I gcás atreoruithe díreach ag oibrí (oibrithe) faoi Alt 20(1) den Acht Caidrimh Thionscail 1969, is féidir Foirm Alt 20(1) a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www labourcourt.ie. Ní mór don oibrí an mbeidh sé/sí faoi cheangal an toraidh.

- Tionóltar éisteachtaí na Cúirte Oibreachais i mBaile Átha Cliath agus i roinnt ionad ar fud na tíre. Má theastaíonn ateangaire nó tacaíocht eile, ba cheart an t-iarratas sin a lua ar an bhfoirm agus an t-achomharc/atreorú díreach á chur isteach. Bíonn éisteachtaí sceidealaithe ar feadh 90 nóiméad de ghnáth ach ag brath ar chastacht an cháis d'fhéadfaí iad a sceidealaithe ar feadh tréimhse níos faide.

# Céim a Trí: Déanann na páirtithe aighneachtaí i scríbhinn

*Aighneachtaí maidir le cásanna dá dtagraítear sna hAchtanna Caidrimh Thionscail agus achomhairc a dhéantar faoi Achtacháin Ceart Fostaíochta seachas na hAchtanna um um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagóir*

I ndáil le cásanna um chearta fostaíochta, ní mór do na páirtithe san achomharc **ceithre chóip** dá n-aighneachtaí i scríbhinn a chur ar fáil don Chúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná **10 lá oibre** roimh éisteacht. Ní mór cóip eile a mhalartú leis an taobh eile. Ní mór deimhniú go ndearnadh aighneachtaí a mhalartú idir páirtithe a thabhairt don Chúirt.

I ndáil le cásanna um chaidreamh tionsclaíoch, ní mór do na páirtithe san achomharc **sé chóip** dá n-aighneachtaí i scríbhinn faoi seach a chur ar fáil don Chúirt Oibreachais tráth nach déanaí ná **7 lá oibre** roimh an dáta atá leagtha síos don éisteacht.

Is é is cuspóir le haighneacht i scríbhinn cuidiú le comhaltaí na Cúirte tuiscint a fháil ar staid/argóintí na saincheiste (saincheisteanna) a bhfuil gearán á dhéanamh ina leith nó a bhaineann le

díospóid.  Deis is ea aighneacht do gach páirtí lena gcás a leagan amach agus na cúiseanna lena gcreideann siad gur cheart go n-éireodh lena gcás a shonrú. I gcásanna um chearta fostaíochta, chomh maith le haighneachtaí, ceanglaítear ar na páirtithe sonraí finnéithe, más ann dóibh, a chur isteach, lena n-éisteacht mar chuid d'achomharc, ba cheart ráitis finnéithe a chur san áireamh chomh maith.  Ní ghlacann an Chúirt fianaise faoi mhionn i gcásanna um chaidreamh tionsclaíoch.

Ní cheart go mbeadh níos mó ná 4 go 5 leathanach i bpríomhchorp na haighneachta i scríbhinn agus ba cheart doiciméid tacaíochta ábhartha a chur san áireamh mar aguisíní. Más mian le páirtí aird na Cúirte a tharraingt ar fhasaigh dhlíthiúla, mar sin ba cheart cóip dóibh sin a chur isteach leis an aighneacht. Ba cheart uimhir a chur ar gach leathanach den aighneacht, de na haguisíní agus de dhoiciméid ar bith eile a chuirfear isteach chun an t-atreorú ag an éisteacht a éascú.

### *Aighneachtaí maidir le cásanna faoi na hAchtanna um um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagóir*

I gcás achomharc arna ndéanamh faoi na hAchtanna um um Chomhionannas Fostaíochta agus na hAchtanna um Dhífhostú Éagóir, tá socruithe éagsúla i bhfeidhm.  I gcásanna dá leithéid, éileoidh an Chúirt ar an Achomharcóir **ceithre chóip** dá aighneacht a chur isteach laistigh de **thrí seachtaine** ón achomharc a lóisteáil ina leagtar amach na saincheisteanna fíriciúla agus dlíthiúla a mbraithfear orthu. Ní mór don Achomharcóir cóip eile a chur chuig an bhFreagróir.  Beidh ar an bhFreagróir ansin **ceithre chóip** dá aighneacht a lóisteáil laistigh de **thrí seachtaine** breise eile, agus mar an gcéanna ba cheart don Fhreagróir cóip eile a chóipeáil chuig an Achomharcóir ag an am céanna. Ní mór deimhniú go ndearnadh aighneachtaí a mhalartú idir páirtithe a thabhairt don Chúirt.

Ba cheart go mbeadh ráiteas ag gabháil leis na haighneachtaí maidir le líon na bhfinnéithe, más ann dóibh, a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí a bheidh an aighneacht á cur isteach aige nó aici iad a ghairm éisteacht an achomhairc. Teastaíonn an fhaisnéis sin chun cuidiú leis an gCúirt an t-am a theastóidh don éisteacht a mheas. Nuair a bheidh na haighneachtaí sin ar fad faighte, is ansin agus ansin amháin a leagfar síos na cásanna sin le haghaidh éisteachta.

NÓTA: Ní dhéantar aighneachtaí/doiciméid/aguisíní a chur ar fáil don Oifigeach Breithnithe ag éisteacht na céadchéime a chur ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais don achomharc – is comhlachtaí ar leith iad an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais. Más mian leat doiciméid ar bith a chur ar aird na Cúirte, mar sin caithfear iad a chur isteach le d'aighneacht chun na Cúirte.

*Ba cheart go mbeadh an méid seo a leanas san aighneacht i scríbhinn:-*

*Ráiteas maidir leis an gcás:* Ina ndéanfar an tsaincheist (saincheisteanna) faoina bhfuil díospóid/sonraí maidir leis an éileamh is cúis leis an achomharc agus más ábhartha, na hailt ábhartha den reachtaíocht ar a bhfuiltear ag brath.

*Cúlra:* Ráiteas gonta maidir leis an gcúlra fíriciúil. I gcomhdhíospóidí cuimsigh sonraí maidir leis an gcuideachta/eagraíocht, líon na mball foirne atá fostaithe, sonraí maidir leis na téarmaí agus coinníollacha ábhartha fostaíochta. I ndíospóidí aonair cuimsigh sonraí maidir le dátaí fostaíochta, an post (poist) atá ag daoine agus an ráta pá. Tabhair sonraí maidir leis an uair a tháinig an tsaincheist chun cinn i dtosach, agus na bearta a rinneadh chun iarracht a dhéanamh an díospóid a réiteach.

*Argóintí:* Leag amach na príomhphointí a thacaíonn leis an gcás. Déan tagairt do Comhaontuithe Cuideachta/ Ceardchumainn ar bith nó cásanna roimhe sin a thacaíonn leis na hargóintí agus cuir san áireamh iad. Tabhair achoimre ar argóintí dlíthiúla agus ar chás-dlí ar bith a mbraithfear orthu le linn achomhairc. Cuimsigh cóipeanna do chásanna a bhfuiltear ag brath orthu le tacú leis an gcás, cuir míreanna ábhartha in iúl. Déan iarracht déileáil le hargóintí a bhféadfadh an páirtí eile a dhéanamh.

*Achomhairc a bhfuil a n-am istigh:* Nuair a bheidh am achomhairc istigh, lorgaítear na forais le síneadh ama.

*Finnéithe:* Ainmneacha na bhfinnéithe, más ann dóibh, a bhfuil sé beartaithe ag an bpáirtí iad a ghairm chun fianaise a thabhairt ag éisteacht an achomhairc agus achoimre ar an bhfianaise a bhfuiltear ag súil le gach finné í a thabhairt.

*Conclúid:* Déan achoimre ar na hargóintí agus léirigh cad ba cheart don Chúirt a mholadh/a chinneadh agus an fáth ar éirigh nó nár éirigh leis an gcás.

# Céim a Ceithre: Éisteachta os comhair na Cúirte

*Stiúradh na hÉisteachta*

Déanfaidh Cathaoirleach Rannán na Cúirte a bheith ag éisteacht an cháis stiúradh an cháis a rialú. D'fhéadfadh siad seo a leanas ionadaíocht a dhéanamh ar son páirtí sa chás:

- Ionadaí Ceardchumainn
- Ionadaí Eagraíochta Fostóirí
- Aturnae nó Abhcóide (teastaíonn toiliú na Cúirte i gcásanna um Chaidreamh Tionsclaíoch)
- Gan toiliú na Cúirte, duine ar bith eile is rogha leo

Freastalaíonn Rúnaí Cúirte ar na héisteachtaí chun tacú le baill an Rannáin i gcáil riaracháin. Ní ghlacann an Rúnaí Cúirte taifead oifigiúil den éisteacht. Is ionann nótaí gairide ar bith a d’fhéadfadh an Rúnaí a ghlacadh agus cuimhní cinn cabhrach pearsanta agus níl siad ina gcuid de thaifead na Cúirte nó de chomhad na Cúirte. Mar chleachtas, éilítear ar an Rúnaí Cúirte a nótaí pearsanta, más ann dóibh, a scriosadh, a luaithe a eiseoidh an Chúirt cinneadh.

*Imeachtaí Cúirte ar Lá na hÉisteachta*

Ba cheart do na páirtithe bheith ag ionad na héisteachta 15 nóiméad ar a laghad sula dtosóidh an éisteacht. Beidh an Rúnaí Cúirte ar fáil nuair a shroichfidh tú an t-ionad chun na foirmiúlachtaí agus an prótacal do na páirtithe chun clárú a mhíniú sula dtosóidh an éisteacht.

Soláthróidh an Rúnaí Cúirte ainmneacha na gcomhaltaí Cúirte sula dtosóidh an éisteacht. Le linn na héisteachta d’fhéadfadh sé go dtabharfaí “Cathaoirleach” nó “Beanchathaoirleach” ar Chathaoirleach na Cúirte agus go dtabharfaí an tUasal X  nó X Uasal ar chomhlachtaí na Cúirte.

Fógróidh an Rúnaí Cúirte an cás agus seasfaidh an páirtithe suas nuair a thiocfaidh an Chúirt isteach agus nó nuair a fhágfaidh an Chúirt. Ach amháin i gcásanna a mheasann an Chúirt a bheith áisiúil a ghlacadh gur léadh na haighneachtaí i scríbhinn, léifidh gach páirtí a n-aighneacht duine ar dhuine agus tabharfar cuireadh dóibh le tuairim a thabhairt ar aighneacht an pháirtí eile. Níor cheart glacadh leis sin mar dheis eile lena gcás a athbhunú; seachas sin is deis é go díreach tuairim a thabhairt ar an aighneacht chontrártha. Chun tuiscint iomlán a fháil ar an gcás a bheidh á chur i láthair, cuirfidh an Chúirt ceisteanna ansin ar an dá pháirtí.

Ní tacadóirí iad comhaltaí na Cúirte do cheachtar taobh.  Mar sin féin, in achomharc a dhéantar faoi achtachán ceart fostaíochta, i gcás nach bhfuil ionadaíocht á déanamh ag abhcóide nó á déanamh ar bhealach eile ar son páirtí amháin, féadfaidh an Chúirt cúnamh éigin a chur ar fáil le linn na héisteachta. Cuirfear cúnamh ar bith dá leithéid ar fáil laistigh de theorainneacha oibleagáidí na Cúirte chun éisteacht chóir a stiúradh.

Cuirtear gach doiciméad a chuirtear isteach chuig an gCúirt roimh éisteacht, le linn éisteachta nó i ndiaidh éisteachta ar fáil don pháirtí eile sa chás chomh maith. Ní ghlacfaidh an Chúirt le faisnéis ó pháirtí amháin ar bhonn príobháideach agus rúnda. Ní fhéadfaidh faisnéis/doiciméid a thabhairt don Chúirt i ndiaidh éisteachta murar iarr an Chúirt go sonrach faisnéis/ doiciméid dá leithéid.

NÓTA: Ní chuireann an Chúirt taifead den éisteacht ar fáil do na páirtithe. Le cead ón gCúirt, i gcásanna um chearta fostaíochta amháin, féadfaidh na páirtithe a eagrú go mbeidh luathscríbhneoir cúirte acu ag éisteacht, ar a gcostas féin. Ba cheart socruithe dá leithéid a chur in iúl don Chúirt agus don pháirtí freasúrach roimh ré.

### *Finnéithe agus Scrúdú faoi Mhionn*

I gcásanna um chearta fostaíochta, féadfaidh an Chúirt fianaise faoi mhionn a ghlacadh. Iarrfar ar fhinnéithe mionn a thabhairt nó dearbhú a dhéanamh sula dtosóidh an éisteacht.

Tá freastal na bhfinnéithe faoi fhreagracht an pháirtí a bheidh ag gairm an fhinné. Féadfaidh an Chúirt a chinneadh nach bhfuil gá le cloisteáil ó na finnéithe go léir arna ainmniú ag na páirtithe. I gcúinsí teoranta, féadfaidh an Chúirt iallach a chur ar fhinné freastal ar an éisteacht trí ghairmeacha foirmiúla finné a eisiúint. Déanann a dtaobh féin na finnéithe a cheistiú ar dtús, agus ansin déanann an taobh eile iad a chroscheistiú; féadfaidh comhaltaí den Chúirt ceisteanna a chur ar na finnéithe chomh maith chun rud ar bith a cheapfadh an Chúirt a bheith doiléir a shoiléiriú nó chun rud ar bith nach bhfuil críochnaithe a chríochnú. Ní ionann ceistiú na Cúirte ar fhinné agus cineál croscheistithe.

# Céim a Cúig: Eisíonn an Chúirt a Moladh/ Cinneadh

I ndiaidh na héisteachta eiseoidh an Chúirt Moladh/Cinneadh i scríbhinn a luaithe is praiticiúil i ndiaidh dhúnadh na héisteachta, laistigh de thrí seachtaine i ndíospóid caidrimh thionsclaíoch agus laistigh de shé seachtaine i gcásanna um chearta fostaíochta de ghnáth. Ní bealach achomhairc ar bith i gceist maidir le Moladh na Cúirte Oibreachais i gcásanna um chearta fostaíochta.

Ní féidir Cinntí maidir le cearta fostaíochta a achomharc ar phointe dlí ach chun na hArd-Chúirte amháin agus d'fhéadfadh imeachtaí na Cúirte a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach.

Ní féidir leis an gCúirt Oibreachais costais dhlíthiúla a dhámhachtain[3].

I ndiaidh an Moladh/Cinneadh a eisiúint chuig an dá pháirtí déantar é a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais www.labourcourt.ie

3. Faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta, 2000, tá an chumhacht ag an gCúirt aisíocaíocht costas réasúnta a dhámhachtain d'fhostaí a tabhaíodh as an ngearán a dhéanamh faoin Acht sin.

THE LABOUR COURT
An Chúirt Oibreachais


**An Chúirt Oibreachais**

Teach Lansdowne

Bóthar Lansdowne

Baile Átha Cliath 4

D04 A3A8

Teileafón: 01 6136666

Uimhir Saorghlao: 1890 220 228

Ríomhphost: info@labourcourt.ie